

Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine faoi na caitheamh aimsire atá acu agus ag freagairt na ceiste sin.



Bileog 7.1

- Scaip **Bileog 7.1** ar an rang agus tabhair seans do na foghlaimeoirí cur síos a dhéanamh ar an chaitheamh aimsire atá acu ag úsáid na n-abairtí ag barr an leathanaigh. Mar shampla:

Is maith liom dul go dtí an phictiúrlann.


Is breá liom a bheith ag léamh agus ag éisteacht le ceol sa tráthnóna.

Nuair a bhíonn an aimsir go maith is breá liom a bheith ag siúl faoin tuath.

- Ansin cuir gach beirt ag obair le chéile le cur síos a dhéanamh dá chéile ar cad a dhéanann siad nuair a bhíonn am saor acu. Tá na focail le tréimhsí ama a léiriú agus na briathra ann le cuidiú leo.
- Iarr ar dhaoine éagsúla cur síos a dhéanamh duit ar cad a dhéanann siad nuair a bhíonn am saor acu. Ceartaigh botún ar bith a chloiseann tú.
-  Is breá liom leabhair = I love books
Is breá liom **a bheith** ag léamh = I love to read (I love **to be** reading)
Mínigh dóibh má bhíonn **ag snámh/ag léamh/ag caint** i ndiaidh ‘is breá liom’ nó ‘is maith liom’ mar shampla, go mbeidh **a bheith** riachtanach.
- Abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le teaghlach Mhic Gearailt ag déanamh cur síos ar cad a dhéanann siad nuair a bhíonn am saor acu, agus go gcaithfidh siad an oiread agus is féidir leo a líonadh isteach sna bearnaí.
-  Seans atá anseo do na foghlaimeoirí smaoineamh ar na scileanna éisteachta atá acu féin, agus le léiriú nach gcaithfidh gach focal ar an *script* a bheith ar eolas acu le brí an pháosa a fháil.

Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine an ndéanann siad rud faoi leith

Bileog 7.2



- Scaip **Bileog 7.2** ar an rang agus tabhair seans do gach beirt féachaint ar na ceisteanna ag barr an leathanaigh. Caithfidh siad na ceisteanna a chur ar a chéile ansin.
- Tabhair seans do gach beirt plé a dhéanamh ar na habairtí ‘*Bím ag seinm ar an’ etc.* Léigh trí na habairtí tú féin leis an rang ar fad le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus an fuaimniú ceart acu.
-  *Na huirlisí ceoil*
An pianó
An giotár
An fheadóg stáin
An fheadóg mhór
An fhidil
An bodhrán

An chláirseach

- Tabhair seans do na foghlaimeoirí ceist a chur ar gach duine sa rang ansin an dtig leo uirlis cheoil a sheinm.
- Rólghníomhaíocht: Cuir gach beirt ag obair le chéile arís agus mínigh an *scenario* don rang, gur clár raidió atá ann agus go mbeidh duine acu ina láithreoir agus an duine eile ina aoi ar an chlár. Nuair atá an réamhullmhúchán déanta cuir gach beirt ag obair ar an rólghníomhaíocht.
- Nuair atá sé déanta uair amháin iarr orthu na róil a mhalartú.
- Iarr ar roinnt beirteanna an cleachtadh a dhéanamh os comhair an ranga.

Feidhm: **Ag lorg tuairimí faoi chúrsaí ceoil**
 Ag cur tuairimí in iúl faoi chúrsaí ceoil

Bileog 7.3A, Bileog 7.3B agus Bileog 7.4

- Déan cóip de **Bhileog 7.3 – Duine A** do leath an ranga agus cóip de **Bhileog 7.3 – Duine B** don leath eile - má tá 12 sa rang mar sin, déan 6 chóip den dá bhileog.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus tabhair **Bileog 7.3 – Duine A** do dhuine amháin den bheirt agus **Bileog 7.3 – Duine B** don duine eile.
- Níl cead acu féachaint ar bhileog an duine eile.
- Mínigh dóibh gur sliocht as alt faoi Mhairéad Ní Mhaonaigh atá ann. Tá an t-alt céanna acu ach tá eolas in easnamh acu beirt, atá ag an duine eile.
- Eagraigh plé faoi aon eolas atá acu cheana faoi Mhairéad Ní Mhaonaigh agus éist lena gcuid smaointe.
- Léifidh Duine A Cuid A amach os ard agus beidh ar Duine B na bearnaí a líonadh ar a bhileog féin.
- Ansin léifidh Duine B Cuid B agus beidh ar Duine A na bearnaí a líonadh ar a bhileog féin.
- Abair leo a mbileoga a thaispeáint dá chéile ansin le feiceáil ar líon siad na bearnaí leis na focail/frásaí cearta.
- Léigh thusa an t-alt iomlán leis an rang ar fad.
-  Dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar an dóigh atá acu féin go pearsanta le stór focal nua a fhoghlaim.
-  **Cineálacha ceoil:**
ceol traidisiúnta
ceol clasaiceach
ceol tíre
popcheol
rac-cheol
na gormacha
snagcheol
- Sula gcuireann tú gach duine ag siúl timpeall an ranga cuir na ceisteanna *Cad a cheapann tú de cheol tíre/traidisiúnta?* agus *An maith leat snagcheol/rac-cheol?* ar chúpla duine sa rang.

- Ansin abair leis na foghlaimeoirí seasamh suas agus labhairt le gach duine sa rang le haimsiú cén cineál ceoil is maith leo.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe cuir ceisteanna ar nós – *An maith le x ceol tíre?* ar dhaoine éagsúla sa rang.
- Cuir gach triúr ina suí le chéile agus scaip **Bileog 7.4** orthu.
- Sula labhraíonn siad le chéile abair leo an uimhir chúí a léiríonn an tuairim atá acu faoi na ceoltóirí/grúpaí ceoil a scríobh in aice leis na ceoltóirí.
- Ansin iarr orthu plé a dhéanamh ar na ceoltóirí (a) – (g) leis na daoine eile sa ghrúpa. Bí tú féin thart le cuidiú leo.
- (a) Míniú d'óibh ansin go gcaithfidh siad a machnamh a dhéanamh ar an ghrúpa nó ceoltóir is fearr leo féin agus an t-eolas fúthu a scríobh sna boscaí faoi na teidil éagsúla. Mar shampla:

Ainm	Stíl Ceoil	Cé as	Albaim
<i>Daniel O'Donnell</i>	<i>Ceol tíre</i>	<i>Dún na nGall</i>	<i>Can You Feel The Love</i>

- (b) Nuair atá an bosca líonta acu féin abair leo na ceisteanna a chur ar a chéile.
- (c) Múin an struchtúr seo don rang: *Ceapaim go bhfuil Altan go maith!* Díriú aird na bhfoghlaimeoirí ar *go bhfuil* agus abair leo go mbeidh tuilleadh cleachtaidh air seo ar ball.
- Iarr ar gach duine tuairim amháin faoin gceoltóir is fearr leo a rá leis an duine in aice leo.
- Ansin iarr orthu na bearnaí a líonadh agus na ceisteanna a chur ar a chéile sna grúpaí de thriúr ina bhfuil siad.

Feidhm: Ag cur tuairimí in iúl faoi chúrsaí spóirt

Bileog 7.5 agus Bileog 7.6

- Scaip Bileog 7.5 ar gach duine.
- Míniú d'óibh go mbeidh siad ag féachaint ar thuairisc ó Nuacht TG4 faoi chúrsaí sacair (<http://vifax.nuim.ie/20151208mean.mp4>) agus go bhfuil sé dúshlánach go leor. Is féidir leatsa an script a léamh don rang má tá an mhír ródhúshlánach d'óibh.
- (a) Seinn an píosa uair amháin agus iarr ar gach beirt na príomhscéalta sa mhír a aithint agus cur síos gonta a thabhairt. Pléigh leis an rang ar fad iad ansin.
- (b) Cuir an rang ag obair i mbeirteanna ar an stór focal. Tar éis cúig nóiméad, pléigh leis an rang na míniúcháin a thug siad ar na focail sin.
- (c) Seinn an píosa arís nó léigh amach an script tú féin. Anois tá siad ag éisteacht fá choinne freagraí ar na ceisteanna 1-5.
- (d) Tabhair tamall beag d'óibh smaoiniamh ar na tuairimí atá acu ar an chluiche sacair go ginearálta agus faoi fhoireann sacair na hÉireann. Ansin iarr orthu siúl timpeall an ranga ag fáil amach cad a cheapann gach duine eile. Mar shampla:

Ainm an duine	Tuairim
Síle Tomás	Ní maith léi sacar, rógharbh Is breá leis sacar, téann sé go dtí na cluichí go léir san Aviva

- (e) Nuair atá na tuairimí ar fad faighte cuir gach beirt ag obair le chéile arís. Caithfidh siad na tuairimí a bhí ag gach duine a rá lena chéile. Tá an sampla ann leis an struchtúr a bheas ag teastáil uathu – an chaint indíreach. Iarr ar dhaoine éagsúla sa rang cuid de na tuairimí a bhí ag daoine eile a rá os ard.



Is í an chaint indíreach atá ann. Is féidir a rá ag an pointe seo go n-athraíonn an briathar san abairt, agus go gcuirtear *go* (dearfach) nó *nach* (diúltach) roimh an bhriathar agus go n-athraíonn an briathar agus go bhfuil sé mar a chéile leis an athrú san fhoirm cheisteach.

Freagraí:

Síleann Máire go bhfuil Séamus Coleman go hiontach mar imreoir.

Síleann Máire go raibh an cluiche sin ar fheabhas.

Síleann Máire go ndéanann Robbie Brady a dhícheall i gcónaí.

Síleann Máire nach bhfuil foireann na hÉireann rómhaith.

- Scaip **Bileog 7.6** ar gach triúr.
- Beidh grúpaí de thriúr ag déanamh plé ar ball ar chúrsaí spóirt go ginearálta, ach tabhair seans dóibh smaoinemh ar na cineálacha éagsúla spóirt ar dtús.

Cineálacha spóirt:

camógaíocht

dornálaíocht

haca

cruicéad

rásaíocht capall

rásaíocht gluaisteán

(téigh)

ag seoltóireacht

ag bádóireacht

ag marcaíocht

ag dreapadóireacht

- Iarr ar gach triúr abairtí a chumadh ag úsáid na struchtúr atá tugtha.
- Tabhair seans do gach triúr ansin plé a dhéanamh ar na ceisteanna ar chúrsaí spóirt go ginearálta ag úsáid na n-abairtí agus na n-aidiachtaí atá ann dóibh. Ba cheart go mbeadh an comhrá mar seo:
 - *An bhféachann tú ar spórt ar an teilifís?*
 - *Ní fhéachaim. Is dóigh liom go bhfuil spórt ar an teilifís an-leadránach ar fad. Agus tú féin?*
 - *Féachaim. Is breá liom é! Ní fheicim go bhfuil aon fhadhb leis. An leanann tú féin CLG?*

- *Leanaim. Is dóigh liom go bhfuil spórt an CLG an-chorraitheach ar fad.*



Cuirtear séimhiú ar aidiachtaí a leanann ainmfhocail bhaininscneacha.

Freagraí:

foireann mhaith, cluiche maith, spórt maith, aimsir mhaith, imreoir maith, comórtas maith, réiteoir maith, aclaíocht mhaith, traenáil mhaith, rása maith.



Iarr orthu píosa beag scríbhneoireachta a dhéanamh don chéad rang eile agus abair leo go gceartóidh tú dóibh é.

Feidhm: **Ag cur ceiste ar dhuine an bhfuil sé ina bhall d’eagraíocht agus ag freagairt na ceiste sin**

Ag tabhairt eolais faoi imeachtaí na n-eagraíochtaí sin

Bileog 7.7

- Scaip **Bileog 7.7** ar an rang agus tabhair seans dóibh an comhrá ag barr an leathanaigh a chleachtadh le chéile. Déan féin druil leis an rang ansin ag cleachtadh an struchtúir áirithe seo.



An aidiacht shealbhach

i mo bhall

i do bhall

ina bhall

ina ball

inár mbaill

in bhur mbaill

ina mbaill



de chlub – cuirtear séimhiú ar ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí **de**.

club **peile** - cuirtear an t-ainmfhocal a leanann **club** nó **cumann** sa tuiséal ginideach.

- *Na Séasúir*

An tEarrach

An Samhradh

An Fómhar

An Geimhreadh

- Míniú dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le fear ag déanamh cur síos ar an chaitheamh aimsire atá aige ar ball, ach iarr orthu na focail – *casaimid, ar siúl, géar go leor agus geallta bád* a phlé le chéile ar dtús.
- Léigh trí na ceisteanna le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Cuir an téip ar siúl dóibh ansin faoi dhó.
- Tabhair seans do gach beirt a gcuid freagraí a phlé le chéile.
- Pléigh an píosa agus na freagraí leis an rang.

- Cuir gach triúr ina suí le chéile arís agus iarr orthu na ceistanna ag bun an leathanaigh a chur ar a chéile. Tá sé tábhachtach go mbeifeá féin ag siúl thart ag éisteacht leo agus ag tabhairt cuidithe nuair is gá.
- Abair leo a samhlaíocht a úsáid mura bhfuil siad ina mbaill de chlub nó de chumann.